
## CONAS IS FÉIDIR LEIS AN DUINE AONAIR TAIRBHE A BHAINT AS AN TSAORÁID?

1. Faigheann an 'micrifhiontraí' faisnéis ar na féidearthachtaí a chuireann an tsaoráid ar fáil ó oifig Seirbhísí Fostaíochta Poiblí áitiúil (nó óna láithreán gréasáin ar líne) nó ó eagraíocht neamhrialtasach (NGO) chuí.

2. Cuirtear an t-iarrthóir i dteagmháil le soláthraí cuí micreamhaoinithe (Banc nó NGO) agus cuireann sé nó sí togra faoi bhráid an tsoláthraí sin.




3. Má éiríonn leis an togra, déanann an t-iarrthóir conradh leis an soláthraí micreamhaoinithe. Féadfaidh an t-iarrthóir lacáiste rátaí úis a fháil ó Chiste Sóisialta na hEorpa freisin.

4. Ón uair a gcuirfear an fhaisnéis tosaigh ar fáil go dtí go reáchtálfaidh an t-iarrthóir a ghnó, féadfaidh sé nó sí tacaíocht a fháil ó Chiste Sóisialta na hEorpa i bhfoirm oiliúna, traenála, treorach agus meantóireachta, i gcás go ndéanfaidh maoiniú áitiúil foráil do na nithe seo.

5. Tá an tacaíocht oiriúnaithe do riachtanais mhicrifhiontar a fhostaíonn níos lú ná 10 duine. Cabhróidh an tsaoráid nua le daoine dífhostaithe ar bhreá leo tosú leis an bhféinfhostaíocht chomh maith.

### AN BHFUIL TUILLEADH FAISNÉISE UAIT?

Faisnéis faoin tSaoráid Eorpach Progress um Micreamhaoiniú
http://ec.europa.eu/epmf

Láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar thionchar sóisialta na géarchéime
http://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=ga&catId=736

An bhfuil a fhios agat cad is féidir leis an Eoraip shóisialta a dhéanamh duitse? – bileoga fíricí
http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=816&langId=ga

### TIONSCNAIMH MHICREAMHAOINITHE EILE DE CHUID AN AE:

JEREMIE:
http://ec.europa.eu/regional_policy/funds/2007/jjj/jeremie_en.htm

JASMINE:
http://ec.europa.eu/regional_policy/funds/2007/jjj/micro_en.htm

An Creatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht:
http://ec.europa.eu/cip/

© Aontas Eorpach, 2010
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.
© Grianghraif: 123RF

*Printed in Belgium*
ARNA CHLÓBHUALADH AR PHAIPÉAR BÁN GAN CHLÓIRÍN

Oifig na bhFoilseachán

KE-32-10-254-GA-D

# Micreamhaoiniú: saoráid nua duitse



An Coimisiún Eorpach

# An tSaoráid Eorpach Progress um Micreamhaoiniú, ag soláthar micri-iasachtaí do dhaoine ar bhreá leo a ngnóthais bheaga féin a thionscnamh nó a fhorbairt

Is sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2010 a d'aontaigh Comhairle na nAirí an tSaoráid Eorpach Progress um Micreamhaoiniú a bhunú. Beidh an tsaoráid ag feidhmiú ó mhí an Mheithimh 2010 i leith. Agus í á seoladh aige, dúirt László Andor, an Coimisinéir AE um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsitheacht:

*"Cuirfidh an tSaoráid um Micreamhaoiniú rogha mhalartach ar fáil do dhaoine atá ag fulaingt mar thoradh ar an ngéarchéim agus cabhróidh sí le poist nua a chruthú. Is í aidhm shonrach an tionscnaimh cabhrú le grúpaí leochaileacha teacht ar mhodh eile le héalú ón dífhostaíocht. Spreagfaidh sí fiontraíocht agus an geilleagar sóisialta san Eoraip freisin. Tá súil againn go gcuirfidh an tsaoráid iasachtaí beaga ar fáil do thart ar 45 000 fiontraí nua sna hocht mbliana amach romhainn."*

## TIONSCNAMH NUA DE CHUID AN AE

Seoladh tionscamh nua AE chun cabhrú le daoine ar bhreá leo a ngnóthais bheaga féin a thionscnamh nó a fhorbairt teacht ar chreidmheas. Tugtar an tSaoráid Eorpach Progress um Micreamhaoiniú air.

Ar bhreá leat do ghnóthas féin a thionscnamh, nó do ghníomhaíocht féin a bhunú? Seans gurb í an tSaoráid Eorpach Progress um Micreamhaoiniú an réiteach atá á lorg agat!

Cuirfidh an tsaoráid micri-iasachtaí .i. suas le 25 000 euro ar fáil chun cur ar do chumas gníomhaíocht tráchtála bheag a bhunú. D'fhéadfá é a úsáid do bhialann bheag, seirbhís iompair, déantúsaíocht áitiúil, seirbhís cúraim, srl.

Ná bíodh drogall ort – tabharfaidh an tsaoráid cabhair ar leith do dhaoine a mbíonn deacrachtaí acu maidir le teacht ar chreidmheas de ghnáth, agus a bhfuil deacrachtaí níos measa ná riamh acu i láthair na huaire (daoine dífhostaithe, daoine níos óige nó níos sine, daoine a bhfuil seal caite acu amach as an margadh saothair, nó daoine faoi mhíbhuntáiste,...).

Beidh daoine ar bhreá leo iarratas a dhéanamh ar iasacht faoin tsaoráid in ann é a dhéanamh ina gceantar féin trí mheán soláthraithe sonracha de mhicreamhaoiniú ([1]). Is bainc, micri-iasachtóirí seachbhrabúsacha, institiúidí a sholáthraíonn ráthaíochtaí airgeadais, agus soláthraithe eile a chuireann micreamhaoiniú ar fáil do mhicrifhiontair iad. Ar a n-uain, beidh na soláthraithe seo in ann cistí a rochtain trí mheán an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.

Má tá an smaoineamh agat, faigh amach conas a d'fhéadfá an maoiniú a fháil ag:
http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=836&langId=ga

Tá an tacaíocht oiriúnaithe do riachtanais mhicrifhiontar a fhostaíonn níos lú ná 10 duine. Cabhróidh sí freisin le daoine dífhostaithe nó neamhghníomhacha ar bhreá leo tosú leis an bhféinfhostaíocht.

## TREOIR AGUS COMHAIRLE

Ní leor maoiniú leis féin chun rath gnóthais a chinntiú. Mar sin, beidh micrifhiontraithe a iarrfaidh maoiniú faoin tSaoráid um Micreamhaoiniú in ann leas a bhaint as treoir agus traenáil a chuirfear ar fáil le tacaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Beidh feidhm thábhachtach ag an CSE freisin maidir le micri-iasachtaithe féideartha a chur ar an eolas faoin tsaoráid nua trí na cainéil chumarsáide atá ann cheana féin.

Féadann an CSE lacáistí rátaí úis a thabhairt do dhaoine freisin, rud a d'fhéadfadh rochtain ar chistí ag micrifhiontraithe a fheabhsú. Déan tuilleadh faisnéise a iarraidh ón údarás bainistíochta CSE i do thír.

Tuilleadh faisnéise ar an CSE: http://ec.europa.eu/esf

([1]) Ar choinníoll go bhfaighidh na hoibreoirí seo tacaíocht ón tsaoráid. Cuirfear faisnéis faoi na hoibreoirí roghnaithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Chiste Eorpaigh Infheistíochta freisin: http://www.eif.europa.eu/

## CONAS A DHÉANFAIDH MÉ IARRATAS?

An chéad chéim ná a fháil amach an bhfuil soláthraithe micri-iasachtaí a ghníomhaíonn leis an tsaoráid ar fáil gar duit. Féadann tú é seo a sheiceáil le:

- Do sheirbhís fostaíochta poiblí áitiúil: http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=585&langId=ga
- Údarás bainistíochta Chiste Sóisialta na hEorpa: http://ec.europa.eu/esf

Tabharfaidh siad faisnéis níos mionsonraí duit faoin scéim, agus cuirfidh siad i dteagmháil le soláthraí micri-iasachtaí thú ([2]): banc nó soláthraí eile maoinithe, cibé ceann is cuí.

Is féidir leo a mhíniú duit freisin conas a d'fhéadfá cabhair a fháil le hullmhú d'iarratais (foirmeacha a líonadh isteach, plean gnó a bhunú, oiliúint, meantóireacht) trí mheán na gclár oibríochtúil Fiontraíochta a mhaoiníonn Ciste Sóisialta na hEorpa.

Má éiríonn le d'iarratas, síneoidh tú conradh leis an soláthraí micreamhaoinithe. Sonróidh an conradh seo méid na hiasachta, fad na hiasachta agus an ráta úis a bheidh le híoc agat.

([2]) Ar choinníoll go bhfaighidh na hoibreoirí seo tacaíocht ón tsaoráid. Cuirfear faisnéis ar na hoibreoirí roghnaithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Chiste Eorpaigh Infheistíochta freisin: http://www.eif.europa.eu/